



An Rialálaí  
Carthanas  

---

Charities  
Regulator

# Iontaobhaithe carthanasais ionchasacha a earcú agus a ionduchtú

### **Séanadh Dlíthiúil**

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinsé atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

# Iontaobhaithe carthanasais ionchasacha a earcú agus a ionduchtú

## Réamhrá

---

Chun carthanas a reáchtáil go maith, teastaíonn uait iontaobhaithe carthanasais atá cumasach agus a oibríonn le chéile mar fhoireann éifeachtach. Chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh iontaobhaí carthanasais an ról atá aige/aici go cuí, ba cheart dó/di bheith in ann am dóthanach a chur i leataobh dó. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh deamheascán scileanna, taithí agus eolais ann i measc iontaobhaithe carthanasais agus go n-athnuafaí iad sin ar bhonn leanúnach.

Leagtar amach sa treoirchoiciméad seo na nithe is gá a bhreithniú le linn iontaobhaithe carthanasais nua a **earcú** agus an dóigh ar féidir a chinntiú go bhfaighidh iontaobhaithe carthanasais nua **ionduchtú** cuí ar theacht isteach sa charthanas dóibh.

## Earcaíocht

---

Sula n-earcófar aon iontaobhaí carthanasais nua, ba cheart don bhord breithniú a dhéanamh ar na réimsí ina bhfuil ag éirí leis an mbord reatha agus ar na réimsí ina bhféadfadh sé feidhmiú ar bhealach níos fearr. Ba cheart don bhord aird a thabhairt freisin ar na cineálacha scileanna, taithí agus eolais atá ar fáil dó cheana féin trí na hiontaobhaithe carthanasais atá ann cheana. Is gnách go stiúrfaidh an Cathaoirleach an próiseas sin agus ba cheart go gcabhródh sé le haon bhearnaí inniúlachta/scileanna atá ann ar an mbord a shainaithint.

Áirítear iad seo a leanas leis na ceisteanna a d'fhéadfaí a chur sula n-earcófar iontaobhaí carthanasais nua:

- Cé na réimsí ina bhfuil ag éirí leis an mbord faoi láthair?
- Cé na réimsí nach bhfuil ag éirí leis an mbord iontu?
- Sula dtabharfar iontaobhaí carthanasais nua isteach, cé na feabhsuithe is féidir leis an mbord a dhéanamh ar an dóigh a n-oibríonn sé?
- Cé na cineálacha scileanna, taithí, eolais agus cáilíochtaí atá ar fáil don bhord faoi láthair trí na hiontaobhaithe carthanasais atá ann cheana?
- I gcás go mbeidh duine de na hiontaobhaithe carthanasais atá ann cheana ag éirí as an ról, cé na cineálacha scileanna, taithí agus eolais is gá a athsholáthar?
- Cé na cineálacha scileanna, taithí agus eolais atá ar iarraidh agus cé na réimsí tosaíochta a bheidh ag an mbord agus é ag féachaint le hiontaobhaí carthanasais nua a cheapadh?

Áirítear iad seo a leanas leis na saincheisteanna eile atá le breithniú agus iontaobhaithe carthanais nua á n-earcú:

- Deimhin a dhéanamh de go gceapfar aon iontaobhaithe carthanais nua de réir cheanglais dhoiciméad rialaithe an charthanais<sup>1</sup> agus de réir an dlí carthanas<sup>2</sup>.
- Féachaint ar an acmhainneacht atá ann modhanna nua nó breise a úsáid le haghaidh iontaobhaithe carthanais nua a chuardach ar mhaithe le leas a bhaint as buíon níos leithne iontaobhaithe féideartha. Seachas an cheist a chur ar dhaoine a bhfuil aithne agat orthu cheana féin, smaoinigh ar fholúntas a fhógairt ar shuíomh Gréasáin do charthanais, ar chláir fógraí áitiúla nó i nuachtlitreacha áitiúla, i gcoláistí agus in ollscoileanna, ar Boardmatch ([www.boardmatch.ie](http://www.boardmatch.ie)), ar shuíomh Gréasáin Obair Dheonach Éireann ([www.volunteer.ie](http://www.volunteer.ie)) agus i bhfóraim agus ar shuíomhanna meán sóisialta eile, de réir mar is cuí.
- Cur síos faisnéiseach ar an ról a chruthú, rud ina léireofar an t-am a mbeifí ag súil leis go gcuirfeadh iontaobhaithe carthanais ionchasacha isteach é agus aon dualgais shonracha a ghabhann leis an ról.
- Deimhin a dhéanamh de go mbeidh iontaobhaithe carthanais ionchasacha ar an eolas faoin bhfad a mhairfidh a gceapachán, i gcás go mbeidh teorainn ama uasta i gceist leis.
- Ba cheart iontaobhaithe carthanais ionchasacha a chur ar an eolas faoi aon fhochoistí boird atá ann agus faoi aon ionchais atá ann go bhfónfadh iontaobhaithe carthanais ar cheann amháin ar a laghad díobh. Samplaí díobh sin is ea fochoistí airgeadais, fochoistí cumarsáide, fochoistí pleanála, etc. D'fhéadfadh go sealbhódh iontaobhaithe carthanais scileanna agus saineolas atá úsáideach d'fhochoistí ar leith.
- Breithniú a dhéanamh ar fhógra a thabhairt d'iarrthóirí neamhrathúla agus buíochas a ghabháil leo as ucht a spéise. Baineann tábhacht ar leith leis sin i gcásanna inar iarr an carthanas léirithe spéise trína shuíomh Gréasáin, trí chláir fógraí áitiúla nó trí mheáin eile.
- Breithniú a dhéanamh ar cé acu a shealbhaíonn nó nach sealbhaíonn iarrthóir neamhrathúil scileanna nó taithí a chumasódh dó/di rannchuidiú luachmhar a dhéanamh le haon cheann de na fochoistí boird.

---

1 I gcás go mbeidh doiciméad rialaithe an charthanais ag cur as do na hiontaobhaithe carthanais iontaobhaithe nua a mhealladh, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar an doiciméad rialaithe a leasú, de réir mar is cuí, agus fógra á thabhairt don Rialálaí Carthanas roimh ré faoi aon athruithe atá beartaithe.

2 D'fhéadfadh go scoirfeadh duine de bheith cáilithe chun gníomhú mar iontaobhaí carthanais. Tá na forais atá le duine a dhícháiliú ó phost iontaobhaí carthanais a shealbhú leagtha amach in alt 55 den Acht Carthanas 2009. D'fhéadfadh go mbeadh forais eile ag carthanais áirithe le toirmeasc a chur ar dhuine aonair fónamh mar iontaobhaí carthanais. Bheadh na forais sin leagtha amach ina ndoiciméad rialaithe.

Tar éis iontaobhaí carthanais nua a cheapadh, ní mór don bhord iontaobhaithe a chinntiú:

- Go n-iontrálfar sonraí an iontaobhaí carthanais nuacheaptha ar an gClár Poiblí Carthanas a luaithe is féidir.
- Go dtabharfar sonraí an iontaobhaí carthanais nuacheaptha don Oifig um Chlárú Cuideachtaí, i gcás gur cuideachta é an carthanas.

## Ionduchtú

---

Le linn an phróisis ionduchtúcháin, ba cheart paca ionduchtúcháin a sholáthar d'iontaobhaithe carthanais nua agus cruinnithe a eagrú idir iad agus na hiontaobhaithe carthanais atá ann cheana, leis an gCathaoirleach agus le fostaithe agus oibrithe deonacha tábhachtacha eile laistigh den charthanas.

### Paca ionduchtúcháin a sholáthar

Ba cheart d'iontaobhaí carthanais nuacheaptha paca ionduchtúcháin a fháil, rud ina mbeidh doiciméid thábhachtacha ina bpléitear leis an gcarthanas agus leis na dualgais atá ar iontaobhaí carthanais.

Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith i measc na ndoiciméad sin:

- Doiciméad rialaithe an charthanais;
- Liosta ar a bhfuil ainm agus sonraí teagmhála na n-iontaobhaithe carthanais reatha, an Chathaoirligh agus an rúnaí;
- An Cód Iompair d'iontaobhaithe carthanais atá i bhfeidhm ag an gcarthanas;
- An tuarascáil bhliantúil agus na cuntais don dá bhliain seo a chuaigh thart;
- Na miontuairiscí ar chruinnithe boird le déanaí;
- Aon doiciméid thábhachtacha eile.

Féach an '[Seicliosta don Phaca Ionduchtúcháin](#)' chun teacht ar dhoiciméid thábhachtacha eile a d'fhéadfaí a chur ar áireamh sa phaca ionduchtúcháin.

### Cruinnithe leis na hiontaobhaithe atá ann cheana

Tugann díospóireacht le roinnt nó gach duine de na hiontaobhaithe carthanais atá ann cheana deis don iontaobhaí carthanais nua chun a fháil amach cé na nithe is gá a bheith ar eolas aige/aici ar dtús, ionas gur féidir leis/léi an rannchuidiú is mó is féidir a dhéanamh a luaithe is féidir.

## Cruinnithe leis an gCathaoirleach

Ba cheart don Chathaoirleach bualadh le gach iontaobhaí carthanais nua sula bhfreastalóidh sé/sí ar an gcéad chruinniú boird dá c(h)uid. Ba cheart don Chathaoirleach ról an bhoird a shoiléiriú, ionchais a phlé agus an t-iontaobhaí carthanais nua a chur an eolas faoi shaincheisteanna reatha agus faoi thosaíochtaí rialachais.

## Cruinnithe le fostaithe agus oibrithe deonacha tábhachtacha

I gcás go mbeidh bainisteoir/príomhoifigeach feidhmiúcháin ag an gcarthanais, ba cheart don duine sin bualadh le gach iontaobhaí carthanais nua sula bhfreastalóidh sé/sí ar an gcéad chruinniú boird dá c(h)uid. D'fhéadfadh gurbh fhiú labhairt le haon fhostaithe nó oibrithe deonacha tábhachtacha eile laistigh den charthanais freisin. Thabharfadh sé sin deis eile chun plé a dhéanamh ar aon cheisteanna atá ag an iontaobhaí carthanais nua maidir leis na doiciméid atá sa phaca ionduchtúcháin agus faisnéis bhreise a thabhairt dó/di faoin dóigh a n-oibríonn an carthanais ar bhonn laethúil.

Nuair is cuí, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis an bpróiseas ionduchtúcháin: cuairt a thabhairt ar áitribh a úsáideann an carthanais; aithne a chur ar an lucht ardbhainistíochta; bualadh le tairbhíthe agus úsáideoirí seirbhíse de chuid an charthanais; agus meantóireacht a fháil ó iontaobhaí carthanais atá ann cheana. D'fhéadfaí oiliúint agus forbairt riachtanach a sholáthar agus a mheasúnú le linn an phróisis freisin.

Ba cheart do gach duine lena mbaineann tairbhe a bhaint as an bpróiseas ionduchtúcháin, ar lena linn a chinnteofar go bhfaighidh an bord iontaobhaithe aithne ar an iontaobhaí carthanais nua agus a gheobhaidh sé amach cé na hábhair spéise, na láidreachtaí agus na scileanna atá aige/aici. Chomh maith leis sin, cabhróidh an próiseas ionduchtúcháin leis an iontaobhaí carthanais nua tuiscint shoiléir a ghnóthú ar an dóigh a n-oibríonn an carthanais, rud a chumasóidh dó/di rannchuidiú éifeachtach a dhéanamh le rialú agus bainistiú an charthanais.

## Doiciméid Ábhartha Eile

---

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis na doiciméid '[Seicliosta don Phaca Ionduchtúcháin](#)', '[Treoir maidir le Cód Iompair d'Iontaobhaithe Carthanais](#)' agus '[Treoir d'Iontaobhaithe Carthanais](#)'.